



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2017*

Stampa an Ionaid

*Gaeilge
Ardleibhéal*

Páipéar I (Cluastuiscent agus Ceapadóireacht)

160 MARC

Dé Luain
12 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20

Cuid I: Cluastuiscent (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
Cuid I: Cluastuiscent	
Na hIomlán	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Treoracha d'íarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscent, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. (a) Cad atá á lorg ag Foras na Gaeilge do Chúige Laighean?


- (b) Cén dualgas a bheidh ar an duine a cheapfar?

2. Scríobh síos **dhá** chailíocht nár mhór a bheith ag an duine a cheapfar.

(i) _____

(ii) _____

3. Cad é an dáta deireanach le haghaidh iarratas?




FÓGRA A DÓ

1. (a) Beidh lá eolais do scoláirí na hArdteistiméireachta ar siúl Dé Sathairn seo chugainn. Scríobh síos téama an lae seo.

- (b) Luaigh pointe **amháin** eolais faoi Mháire Treasa Ní Dhubhghaill.

2. Scríobh síos ceann **amháin** de na hábhair chainte a bheidh ag na múinteoirí corpoideachais.

3. Conas is féidir clárú don lá eolais seo?



Cuid B

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

- Luaigh **dhá** chúis a bhfuil Seán an-sásta.

(i) _____

(ii) _____

- Cad a deir máthair Sheáin faoi na comhlacthaí teileafóin?


- Cén míniú simplí atá ag máthair Sheáin ar an bhfadhb atá aige?

An Dara Mír

- Cad is breá le Seán a dhéanamh?

- Cén seanhfocal atá fíor, dar le máthair Sheáin?

- Cad atá á iarraidh ag Seán ar a mháthair?



Cuid Bar leanúint

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. (a) Cé leis a bhfuil deirfiúr Áine ag obair sa Bhruiséil?

- (b) Luaigh pointe **amháin** eolais faoin obair a dhéanann deirfiúr Áine.

2. Luaigh cúis **amháin** nach cathair shábháilte í an Bhruiséil, dar le hOisín.

3. Scríobh síos cúis **amháin** a bhfanfaidh a deirfiúr sa Bhruiséil, dar le hÁine.

An Dara Mír

1. Cén fáth a raibh díomá ar Oisín i dtús an tsamhraídh?

2. Cad a bhíonn á rá ag na polaiteoirí, dar le hÁine?

3. Cad ba mhaith le hOisín a dhéanamh tar éis na hArdteistiméireachta?



Cuid C

Cloisfidh tú **dhá** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. (a) Cén aidhm atá ag an gcompántas drámaíochta, Fíbín?

- (b) Cá bhfuil oifigí ag an gcompántas drámaíochta, Fíbín?

2. Cá bhfios dúinn go bhfuil ag éirí go maith leis an gcompántas drámaíochta, Fíbín?

3. Luaigne rud **amháin** atá le fáil ar shuíomh idirlín an chompántais.




PÍOSA A DÓ

1. Cad a rinne Robbie Keane nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois?

2. Scríobh síos an gaisce is mó a rinne Robbie agus é ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann.

3. Cad ba mhaith le Robbie Keane a dhéanamh amach anseo?



Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B nó C** anseo thíos.

Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.

A

– AISTE NÓ ALT NUACHTÁIN / IRISE –

100 marc

Scríobh AISTE NÓ ALT NUACHTÁIN / IRISE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

- (a) An córas oideachais dara leibhéal in Éirinn.
- (b) Scannail sa spórt.
- (c) Is sochaí chothrom í sochaí na hÉireann sa bhliain 2017.
- (d) Ceannairí polaitiúla sa lá atá inniu ann.
- (e) An foréigean timpeall an domhain.

B

– SCÉAL –

100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

- (a) Uaigneas.
- (b) An rud is annamh is iontach.

C

– DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID –

100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

- (a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Déanfaidh Breatimeacht (Brexit) maitheas do thír na hÉireann.

- (b) Déantar plé go minic sna meáin ar chúrsaí tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann.
Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo:

Fadhb na tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Scríobh *an píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Leathanach Bán